

Athchlárú mar Chineál Cuideachta eile Cuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014

Bileog Faisnéise Uimhir. 35/ Aibreán 2019

Athchlárú

I gcás cuideachtaí a athchlárú ina gcineál eile cuideachta, ní mór Foirm D20 a chur isteach faoi alt 1285 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá riachtanais bhreise i gceist ag brath ar an gcineál athchlárú atá á thionscnamh.

I gcás athruithe, mar shampla ó chuideachta theoranta go cuideachta neamhtheoranta nó ó chuideachta gan scaireanna go dtí cuideachta a bhfuil scaireanna aici, d'fhéadfadh toiliú na gcomhaltaí i leith an athraithe a bheith ag teastáil, mar aon le nochtadh úinéireachta. Déantar Foirm D20 a chomhlánú beag beann ar an gcineál athchlárú atá á lorg agus cuirtear isteach bunreacht nua na cuideachta in éineacht leis an ordú cúirte nó an rún de réir mar a bheidh.

(Is nós imeachta ar leithligh é comhshó cuideachta ina cuideachta TEO nó CGA faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí. Is nós imeachta ar leithligh é comhshó ina Societas Europaea freisin. Féach ar bhileog faisnéise 19 le do thoil).

An Doiciméad a bheidh le Cur Isteach: Foirm D20

Folaítear san fhoirm D20 ráiteas géilliúntais go bhfuil an rún rite agus gur comhlíonadh ceanglais Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid Bhreise: Rún Speisialta (Foirm G1) agus bunreacht nua na cuideachta.

Leis an rún speisialta, athrófar bunreacht na cuideachta ionas go sonrúfar ann go bhfuil an chuideachta chun a bheith ina cuideachta den chineál ar mian an chuideachta a athchlárú mar é; déanfar cibé athruithe eile is gá i mbunreacht na cuideachta ionas go mbeadh sé i gcomhréir le ceanglais an Achta seo ó thaobh substainte agus foirme maidir le comhdhéanamh an chineáil cuideachta iarmhartaigh; agus déanfar cibé athruithe eile i mbunreacht na cuideachta atá ag teastáil sna himthosca.

Ní dhéanfaidh athchlárú cuideachta mar chineál eile cuideachta faoin gCuid seo difear d'aon cheart nó oibleagáid de chuid na cuideachta, ná ní dhéanfaidh sé lochtach aon imeachtaí dlí ag an gcuideachta nó ina haghaidh, agus aon imeachtaí dlí a tionscnaíodh ina haghaidh nó ar leanadh leo faoina stádas roimhe seo, féadfar leanúint díobh nó iad a thionscnamh ina haghaidh ina stádas nua.

Ordú cúirte in ionad an Rúin Speisialta

Also, it should be noted that under section 1288 of the Companies Act 2014, if the court makes an order confirming a reduction of the company capital of a PLC, and that reduction has the effect of bringing the nominal value of the company's allotted share capital below the authorised minimum, the court may authorise the PLC to be re-registered as another type of company without its having passed a special resolution for that purpose.

Deimhniú Corpraithe

Nuair a bheidh na doiciméid cláraithe, eiseoidh an Cláraitheoir deimhniú corpraithe nua chun aitheantas a thabhairt don athrú ar chineál na cuideachta. Athrófar an chuideachta ina cineál nua cuideachta ar eisiúint an deimhnithe sin, agus ní roimhe sin.

Ceanglais Bhreise i ndáil le hAthchlárú Cuideachta Teo

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, má tá cuideachta á hathchlárú ón gcineál cuideachta TEO (Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna, atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014), nach mór ar a laghad beirt stiúrthóirí a bheith aici. Ní mór a laghad beirt stiúrthóirí a bheith ag gach cineál eile cuideachta. Is í an chuideachta TEO an t-aon chineál amháin ar féidir gan ach aon stiúrthóir amháin a bheith aici. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mór Foirm B10 a chomhdú in éineacht leis an iarratas ar athchlárú chun líon íosta na stiúrthóirí a ardú go dtí beirt.

Ní bhíonn cuspóirí ag cuideachta TEO ach nuair a dhéantar í a athchlárú mar chineál cuideachta ar bith eile, ní mór a lua cé na cuspóirí dá bhfuil an chuideachta corpraithe.

Athchlárú mar Chuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (Cuideachta TEO)

Maidir le hAthchlárú mar Chuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (TEO), beag beann ar chineál na cuideachta atá á hathrú go dtí an struchtúr cuideachta TEO, ba chóir an méid seo a leanas a chur i gcrích:

An Doiciméad a bheidh le Cur Isteach: Foirm D20

Folaítear san fhoirm D20 ráiteas géilliúntais go bhfuil an rún rite agus gur comhlíonadh ceanglais Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid Bhreise: Rún Speisialta (Foirm G1) agus bunreacht nua na cuideachta.

Toisc go bhfuil an cineál cuideachta iarmhartach ina cuideachta TEO (cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna), éilítear faoin athrú go gcuirfí bunreacht in ionad mheabhrán agus airteagail na cuideachta atá á hathchlárú, i gcomhlíonadh alt 19 agus Sceideal 1 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Is amhlaidh, áfach, nach n-údaráítear leis sin athrú ar chearta agus oibleagáidí chomhaltaí na cuideachta atá á hathchlárú, nó daoine eile, mar atá leagtha amach ina meabhrán agus a hairteagail agus, dá réir sin, más gá, áireofar sa bhunreacht nua thuasluaite cibé rialacháin fhorlíontacha lena ndéanfar na cearta agus na hoibleagáidí sin a dhaingniú.

Tá ceanglais ar leith i bhfeidhm i gcás ina bhfuil cineálacha éagsúla cuideachta ag déanamh iarratais ar athchlárú mar chuideachta TEO. Tá roinnt de na ceanglais sin sa liosta thíos. Féach Cuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014 chun sonraí iomlána a fháil le do thoil.

Cuideachtaí nach bhfuil scairchaipiteal acu

De bhreis ar cheanglais alt 1285, i gcás cuideachta nach bhfuil scairchaipiteal aici, a bheartáítear a athchlárú mar chuideachta a bhfuil scairchaipiteal aici, déanfar a sheachadadh ar an gCláraitheoir, mar chuid den iarratas faoin alt sin, ráiteas um scairshealúchais tosaigh agus ráiteas scairchaipitil. Is féidir an dá ráiteas sin a chomhlánú ar Fhoirm D20.

CPT á hathchlárú mar chuideachta TEO

Nuair is mian le Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT) í féin a athchlárú mar chuideachta TEO (Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna) nó CGA (Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe), féadfaidh an Ard-Chúirt an rún a chur ar ceal, féadfaidh an t-iarratas chun na cúirte ar chealú an rúin teacht uathu seo a leanas:

- sealbhóirí méid nach lú san iomlán ná 5 faoin gcéad i luach ainmniúil de scairchaipiteal eisithe an CPT nó aon aicme de scairchaipiteal eisithe an CPT (gan aird ar aon scaireanna arna sealbhú ag an CPT mar scaireanna cisteáin); nó
- líon nach lú ná 50 de chomhaltaí an CPT.

Ní féidir le haon duine a thoiligh leis an rún nó a vótáil i bhfabhar an rúin iarratas den sórt sin a dhéanamh [agus in aon chás inar thoiligh comhaltaí uile CPT leis an rún nó inar vótáil siad ina fhabhar, ní bheidh feidhm ag an alt seo i leith na cuideachta]. Ní mór an t-iarratas a dhéanamh laistigh de 28 lá ó dháta an rúin.

Más rud é go ndéantar an t-iarratas, ní mór don CPT fógra ina thaobh sin a thabhairt don Chláraitheoir láithreach (Foirm D13); agus ansin, laistigh de 15 lá tar éis an dáta ar a ndearna an chúirt a hordú faoin iarratas, nó cibé tréimhse is faide ná sin a ordóidh an chúirt tráth ar bith, seachadfaidh an CPT nó an chuideachta iarmhartach cóip dheimhnithe den ordú ar an gCláraitheoir.

Ní fhéadfar leanúint ar aghaidh le hathchlárú CPT mar chuideachta TEO mura mbeidh an ceanglas seo a leanas comhlíonta. I gcás inarb amhlaidh, maidir leis an tréimhse ar lena linn a rinneadh iarratas faoi alt 1287 chun an rún speisialta a chealú

- go bhfuil an tréimhse sin imithe in éag gan aon iarratas den sórt sin a bheith déanta; (28 lá ó dháta rite an rúin)
- nó, i gcás iarratas den sórt sin a bheith déanta, go bhfuil an t-iarratas tarraingthe siar; nó
- go bhfuil ordú déanta ag deimhniú an rúin nó, má tá ordú déanta faoin alt sin ag deimhniú an rúin ach ina bhfuil foráil nach mbeidh feidhm ag an athchlárú mura gcomhlíonfar téarmaí agus coinníollacha sonraithe, comhlíonfar na téarmaí agus na coinníollacha sin, agus, i gceachtar cás, go bhfuil cóip dheimhnithe den ordú sin seachadta ar an gCláraitheoir.

Cuideachta Neamhtheoranta go Cuideachta TEO

Sa chás inar cuideachta neamhtheoranta í an chuideachta atá á hathchlárú mar chuideachta TEO, ceanglaítear go bhfolófaí sa rún speisialta (a cheanglaítear faoi alt 1285(1)(a) (maidir le hathchlárú) ráiteas go mbeidh dlíteanas na gcomhaltaí de chuid na cuideachta iarmhartáí teoranta ag scaireanna agus –

- má tá scairchaipiteal údaraithe le bheith ag an gcuideachta iarmhartach, ag lua cad é an scairchaipiteal údaraithe sin agus méid socraithe na scaireanna ina bhfuil an scairchaipiteal sin le roinnt; nó
- mura bhfuil scairchaipiteal údaraithe le bheith ag an gcuideachta iarmhartach, ag lua an mhéid shocraithe scaireanna ina bhfuil scairchaipiteal na cuideachta le roinnt.

Cumhacht cuideachta neamhtheoranta chun foráil a dhéanamh do scairchaipiteal cúlchiste ar athchlárú di.

Faoi alt 1295, féadfaidh cuideachta neamhtheoranta ag a bhfuil scairchaipiteal, trína rún speisialta chun athchlárú mar chuideachta theoranta, ceachtar de na rudaí seo a leanas a dhéanamh, nó iad araon:

- méadú a dhéanamh ar mhéid ainmniúil a scairchaipiteal trí mhéadú a dhéanamh ar mhéid ainmniúil gach ceann dá cuid scaireanna, ach é sin a bheith faoi réir an choinníll nach mbeidh aon chuid den chaipiteal méadaithe inghlaoite, ach amháin sa chás ina mbeidh an chuideachta á foirceannadh agus chun na críocha sin;
- foráil a dhéanamh nach mbeidh cuid shonraithe dá scairchaipiteal neamhghlaoite inghlaoite ach amháin sa chás ina mbeidh an chuideachta á foirceannadh agus chun na críocha sin.

Athchlárú mar Chuideachta Phoiblí Theoranta

Maidir le hathchlárú mar Chuideachta Phoiblí Theoranta (CPT), ba chóir an méid seo a leanas a chur i gcrích:

An Doiciméad a bheidh le Cur Isteach: Foirm D20

Folaítear san fhoirm D20 ráiteas géilliúntais go bhfuil an rún rite agus gur comhlíonadh ceanglais Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid Bhreise: Rún Speisialta (Foirm G1) agus bunreacht nua na cuideachta.

Ráitis Airgeadais

Ceanglais shonracha maidir le cuideachta a athchlárú mar CPT.

Faoi alt 1291, féadfar cuideachta a athchlárú mar CPT más rud é, chomh maith leis na ceanglais thuasluaite a chomhlíonadh, go seachadfaidh an chuideachta na doiciméid seo a leanas ar an gCláraitheoir:

- cóip de chlár comhardaithe na cuideachta arna ullmhú amhail dáta nach luaithe ná 7 mí roimh an dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir an t-iarratas ar athchlárú;
- tuarascáil gan agus ó iniúchóirí reachtúla na cuideachta ar an gclár comhardaithe sin;
- cóip de ráiteas scríofa ó iniúchóirí reachtúla na cuideachta sin á rá gurb é a dtuairim gurb amhlaidh nár lú, ar dháta an chláir comhardaithe, méid ghlansócmhainní na cuideachta ná comhiomlán a scairchaipiteal ghlaoite agus a cúlchistí neamhindáilte; agus
- cóip d'aon tuarascáil arna hullmhú faoi alt 1292;

Ar an bhFoirm D20, ní mór go bhfolófaí sa ráiteas géilliúntais ráiteas breise á dhearbhu nár tharla, idir dáta an chláir comhardaithe agus an dáta ar a ndearna an chuideachta an t-iarratas ar athchlárú, aon athrú ar staid airgeadais na cuideachta a d'fhág gur lú méid ghlansócmhainní na cuideachta ná comhiomlán a scairchaipiteal ghlaoite agus a cúlchistí neamhindáilte.

Ní chláróidh an Cláraitheoir an t-iarratas ar athchlárú i gcúinsí áirithe

Ní eiseoidh an Cláraitheoir deimhniú corpraithe, de bhun an iarratais ar chuideachta a athchlárú mar CPT, más dealraitheach don Chláraitheoir gurb amhlaidh –

- trí cheachtar de na modhanna atá luaite in alt 84(2)(b), gur laghdaíodh caipiteal cuideachta na cuideachta tar éis dháta rite an rúin speisialta go ndéanfaí an chuideachta a athchlárú mar CPT; agus
- go bhfágann an laghdú go mbeidh luach ainmniúil scairchaipiteal leithroinnte na cuideachta faoi bhun an íosmhéid údaraithe.

Tuarascáil gan Agús

Measfar go bhfuil agús, chun críocha an mhíneithe ar “tuarascáil gan agús”, ina cheann nach bhfuil ábhartha i ndáil le haon chlár comhardaithe más rud é, agus más rud é amháin, go sonródh an duine a dhéanfaidh an tuarascáil i scríbhinn nach bhfuil an rud is cúis leis an agús ábhartha chun críocha a chinneadh, trí thagairt don chlár comhardaithe sin, cibé acu, ar dháta an chláir comhardaithe, arb ionann méid ghlansócmhainní na cuideachta agus méid nach lú ná an comhiomlán dá scairchaipiteal glaoite agus a cúlchistí neamhindáilte.

Chun críocha tuarascáil a dhéanamh, i ndáil leis an gclár comhardaithe thuasluaite, a thiocfaidh faoi réim an mhíneithe ar “tuarascáil gan agús” i bhfo-alt (6), measfar go mbeidh feidhm ag alt 290 agus na forálacha ábhartha eile de Chuid 6 (a mhéid is infheidhme maidir le cláir chomhardaithe ar leith ó na gnéithe eile de ráitis airgeadais) i ndáil leis an gclár comhardaithe sin fairis na modhnuithe seo a leanas.

Is ionann na modhnuithe sin agus cibé modhnuithe is gá de thairbhe an fhórais (más amhlaidh atá) go bhfuil an clár comhardaithe ullmhaithe ar shlí seachas i leith bliain airgeadais.

Tá le cúlchistí neamhindáilte an bhrí chéanna atá leis in alt 1082;

Ciallaíonn tuarascáil gan agús, i ndáil le clár comhardaithe de chuid cuideachta, tuarascáil á rá gan agús ábhartha—

- gurb amhlaidh, i dtuairim an duine a rinne an tuarascáil, go gcomhlíonann an clár comhardaithe alt 291 agus na forálacha ábhartha eile de Chuid 6 (a mhéid is infheidhme maidir le cláir chomhardaithe ar leith ó na gnéithe eile de ráitis airgeadais); agus
- gurb amhlaidh, i dtuairim an duine sin, go dtugtar léargas fírinneach cóir sa chlár comhardaithe ar staid chúrsaí na cuideachta amhail ar dháta an chláir comhardaithe.

Cuideachta Neamhtheoranta go dtí CPT

Sa chás gur cuideachta neamhtheoranta í an chuideachta, folaítear leis an rún speisialta a cheanglaítear le halt 1285(1)(a) ráiteas go bhfuil dliteanas na gcomhaltaí den chuideachta iarmhartach le bheith faoi theorainn scaireanna agus ina sonraítear cad é scairchaipiteal údaraithe na cuideachta iarmhartaí agus méid socraithe na scaireanna ina bhfuil an scairchaipiteal sin le roinnt.

Scairchaipiteal

Tá ceanglais ar leith i bhfeidhm maidir le scairchaipiteal i gcás cuideachtaí atá á n-athchlárú mar CPT.

Ní dhéanfar cuideachta a athchlárú mura rud é, an tráth a ritear an rún speisialta gur chóir an chuideachta a athchlárú mar CPT —

- A – nach lú ná an t-íosmhéid údaraithe luach ainmniúil scairchaipiteal leithroinnte na cuideachta;
- B – go mbeidh an ceathrú cuid ar a laghad de luach ainmniúil gach scaire dá scaireanna leithroinnte, agus iomlán aon phréimhe ar gach scair díobh sin, íoctha;
- C – i gcás aon scair sa chuideachta nó aon phréimh is iníoctha uirthi a bheith íoctha go hiomlán nó go páirteach trí ghealltanais a thug duine ar bith go ndéanfadh seisean nó duine eile obair nó seirbhísí don chuideachta nó do dhuine eile, go mbeidh an gealltanais curtha i gcrích nó urscaoilte ar shlí eile; agus
- D – i gcás scaireanna a bheith leithroinnte mar scaireanna láníoctha nó páirt-íoctha ó thaobh a luach ainmniúil nó aon phréimhe is iníoctha orthu ar shlí seachas in airgead agus ina gcuimsíonn nó ina bhfolaíonn an chomaoin i leith na leithroinnte gealltanais (seachas gealltanais lena mbaineann mír (c)) don chuideachta—
 - (i) go bhfuil an gealltanais sin curtha i gcrích nó urscaoilte ar shlí eile; nó
 - (ii) go bhfuil Conradh ann idir an chuideachta agus aon duine faoina gcaithfear an gealltanais sin a chur i gcrích laistigh de 5 bliana ón tráth sin.

Cumhacht cuideachta neamhtheoranta chun foráil a dhéanamh do scairchaipiteal cúlchiste ar athchlárú di

Faoi alt 1295, féadfaidh cuideachta neamhtheoranta ag a bhfuil scairchaipiteal, trína rún speisialta chun athchlárú mar chuideachta theoranta, ceachtar de na rudaí seo a leanas a dhéanamh, nó iad araon:

- méadú a dhéanamh ar mhéid ainmniúil a scairchaipiteal trí mhéadú a dhéanamh ar mhéid ainmniúil

- gach ceann dá cuid scaireanna, ach é sin a bheith faoi réir an choinníll nach mbeidh aon chuid den chaipiteal méadaithe inghlaoite, ach amháin sa chás ina mbeidh an chuideachta á foirceannadh agus chun na críocha sin;
- foráil a dhéanamh nach mbeidh cuid shonraithe dá scairchaipiteal neamhghlaoite inghlaoite ach amháin sa chás ina mbeidh an chuideachta á foirceannadh agus chun na críocha sin.

Cuideachtaí nach bhfuil scairchaipiteal acu

De bhreis ar cheanglais alt 1285, i gcás cuideachta nach bhfuil scairchaipiteal aici, a bheartaítear a athchlárú mar chuideachta a bhfuil scairchaipiteal aici, déanfar a sheachadadh ar an gCláráitheoir, mar chuid den iarratas faoin alt sin, ráiteas um scairshealúchais tosaigh agus ráiteas scairchaipitil. Is féidir an dá ráiteas sin a chomhlánú ar Fhoirm D20

Athchlárú mar Chuideachta Neamhtheoranta

Maidir le hAthchlárú mar chuideachta neamhtheoranta, ba chóir an méid seo a leanas a chur i gcrích:

An Doiciméad a bheidh le Cur Isteach: Foirm D20

Folaítear san fhoirm D20 ráiteas géilliúntais go bhfuil an rún rite agus gur comhlíonadh ceanglais Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid Bhreise: Rún Speisialta (Foirm G1) agus bunreacht nua na cuideachta.

Foirm D6 – Toiliú na gcomhaltaí leis an athchlárú.

Ráitis Airgeadais

Ceanglais shonracha maidir le cuideachta theoranta a athchlárú mar chuideachta neamhtheoranta. Faoi alt 1285, féadfar cuideachta theoranta a athchlárú mar chuideachta neamhtheoranta más rud gur thoiligh gach comhalta dá cuid í a athchlárú amhlaidh.

Doiciméid Bhreise nach mór a chomhdú: Foirm D6 – folaítear inti toiliú na gcomhaltaí leis an athchlárú agus an ráiteas géilliúntais nach mór a chomhlánú i dtaca le toiliú na gcomhaltaí. Chun críocha Foirm D6 a chomhlánú:

- aon síniú le foirm thoilithe ag ionadaí pearsanta do chomhalta éagtha de chuid cuideachta, measfar gur síniú ag an gcomhalta éagtha é;
- measfar sannaí i bhféimheacht do dhuine is comhalta de chuideachta a bheith, d'eisiamh an duine sin, ina chomhalta den chuideachta.

Ní mór Ráitis Airgeadais a chur ar fáil a chlúdóidh tréimhse a chríochnaíonn nach luaithe ná 3 mhí roimh dháta an iarratais ar athchlárú agus a mhaireann ar a laghad 12 mhí. Níl ráitis airgeadais ag teastáil más rud é gur sheachaid an chuideachta tuairisceán bliantúil le ráitis airgeadais ar an gCláráitheoir cheana féin laistigh de 3 mhí ó dháta an iarratais nó más rud é gur corpraíodh an chuideachta laistigh de 3 mhí ó dháta an iarratais.

I gcás nach féidir le tréimhse na ráitis airgeadais 12 mhí a chlúdach, is ionann an tréimhse a chlúdófar agus an tréimhse ón dáta corpraithe go dtí dáta nach luaithe ná 3 mhí roimh dháta an iarratais.

Cuideachtaí nach bhfuil scairchaipiteal acu

De bhreis ar cheanglais alt 1285, i gcás cuideachta nach bhfuil scairchaipiteal aici, a bheartaítear a athchlárú mar chuideachta a bhfuil scairchaipiteal aici, déanfar a sheachadadh ar an gCláráitheoir, mar chuid den iarratas faoin alt sin, ráiteas um scairshealúchais tosaigh agus ráiteas scairchaipitil. Is féidir an dá ráiteas sin a chomhlánú ar Fhoirm D20.

Athchlárú mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta

Maidir le hAthchlárú mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR), ba chóir an méid seo a leanas a chur i gcrích:

An Doiciméad a bheidh le Cur Isteach: Foirm D20

Folaítear san fhoirm D20 ráiteas géilliúntais go bhfuil an rún rite agus gur comhlíonadh ceanglais Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid Bhreise: Rún Speisialta (Foirm G1) agus bunreacht nua na cuideachta.

Tá Foirm D6C de dhíth má tá scairchaipiteal ag an gcuideachta.

Ceanglais shonracha maidir le cuideachta a athchlárú mar CTR.

Is féidir cuideachta a athchlárú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta más rud é, chomh maith leis an méid thuas, go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas –

Sa chás inar cuideachta le scairchaipiteal í an chuideachta, gur thoiligh gach comhalta dá cuid go ndéanfaí í a athchlárú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, ar Fhoirm D6C.

Doiciméad Breise atá le Comhdú – Foirm D6C- an fhoirm um thoilíú leis an gcuideachta á athchlárú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta arna síniú ag nó thar ceann comhaltaí uile na cuideachta; agus folaíonn sí ráiteas ráthaíochta agus ráiteas géilliúntais lena n-áirítear dearbhú gurb iad na daoine a bhfuil an fhoirm thoilithe sínithe acu nó sínithe thar a gceann comhaltas iomlán na cuideachta agus, i gcás nach mbeidh an fhoirm sin sínithe ag aon duine de na comhaltaí féin, á rá go bhfuil gach beart réasúnach déanta ag na stiúrthóirí chun a dheimhniú dóibh go raibh cumhacht faoin dlí chuige sin ag gach duine a shínigh í thar ceann comhalta;

Sa chás inar cuideachta neamhtheoranta í an chuideachta, ní mór go bhfolófaí sa rún speisialta a cheanglaítear faoi alt 1285(1)(a) ráiteas go mbeidh dliteanas na gcomhaltaí de chuid na cuideachta iarmhartáí teoranta mar a fhoráiltear dó sa ráiteas ráthaíochta.

Scairchaipiteal Leithroinnte

Mura bhfuil an seasamh maidir le scairchaipiteal leithroinnte na cuideachta, ar dháta an iarratais ar athchlárú, mar atá sonraithe sa chéad alt eile, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici ag an gcuideachta chuige sin, a hathchlárú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta a cheadú agus ordacháin a thabhairt maidir le conas a caipiteal cuideachta a áireamh faoi chuimsiú na cuideachta iarmhartáí.

Níor mhór an t-ordú cúirte a chur faoi bhráid an Chláraitheora.

Is é an seasamh maidir le scairchaipiteal leithroinnte na cuideachta go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl aon mhéid íoctha air; agus

(b) ní sháraíonn a luach ainmniúil an t-uasmhéid comhiomlán a bheadh dlite ó scairshealbhóirí na cuideachta, a bheidh ina gcomhaltaí den chuideachta iarmhartach ar eisiúint an deimhnithe corpraithe faoi alt 1285(6), de bhua meabhrán comhlachais na dara cuideachta sin dá mbeadh an chuideachta sin le foirceannadh láithreach.

Athchlárú mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi Theorainn Scaireanna

Maidir le hAthchlárú mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe (CGA), ba chóir an méid seo a leanas a chur i gcrích:

An Doiciméad a bheidh le Cur Isteach: Foirm D20

Folaítear san fhoirm D20 ráiteas géilliúntais go bhfuil an rún rite agus gur comhlíonadh ceanglais Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid Bhreise: Rún Speisialta (Foirm G1) agus bunreacht nua na cuideachta.

Cuideachtaí nach bhfuil scairchaipiteal acu

De bhreis ar cheanglais alt 1285, i gcás cuideachta nach bhfuil scairchaipiteal aici, a bheartaítear a athchlárú mar chuideachta a bhfuil scairchaipiteal aici, déanfar a sheachadadh ar an gCláraitheoir, mar chuid den iarratas faoin alt sin, ráiteas um scairshealúchais tosaigh agus ráiteas scairchaipitil. Is féidir an dá ráiteas sin a chomhlánú ar Fhoirm D20.

CPT go dtí CGA

Nuair is mian le Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT) í féin a athchlárú mar CGA (Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe), féadfaidh an Ard-Chúirt an rún a chur ar ceal, féadfaidh an t-iarratas chun na cúirte ar chealú an rúin teacht uathu seo a leanas:

- sealbhóirí méid nach lú san iomlán ná 5 faoin gcéad i luach ainmniúil de scairchaipiteal eisithe an CPT
- nó aon aicme de scairchaipiteal eisithe an CPT (gan aird ar aon scaireanna arna sealbhú ag an CPT mar scaireanna cisteáin); nó líon nach lú ná 50 de chomhaltaí an CPT.

Ní féidir le haon duine a thoiligh leis an rún nó a vótáil i bhfabhar an rúin iarratas den sórt sin a dhéanamh. Ní mór an t-iarratas a dhéanamh laistigh de 28 lá ó dháta an rúin. Más rud é go ndéantar an t-iarratas, ní mór don CPT fógra ina thaobh sin a thabhairt don Chláraitheoir láithreach (Foirm D13); agus ansin, laistigh de 15 lá tar éis an dáta ar a ndearna an chúirt a hordú faoin iarratas, nó cibé tréimhse is faide ná sin a ordóidh an chúirt tráth ar bith, seachadfaidh an CPT nó an chuideachta iarmhartach cóip dheimhnithe den ordú ar an gCláraitheoir.

Ní fhéadfar leanúint ar aghaidh le hathchlárú CPT mar CGA mura mbeidh an ceanglas seo a leanas comhlíonta. I gcás inarb amhlaidh, maidir leis an tréimhse ar lena linn a rinneadh iarratas faoi alt 1284 chun an rún speisialta a chealú,

- go bhfuil an tréimhse sin imithe in éag gan aon iarratas den sórt sin a bheith déanta; (28 lá ó dháta rite an rúin)
- nó, i gcás iarratas den sórt sin a bheith déanta, go bhfuil an t-iarratas tarraingthe siar; nó
- go bhfuil ordú déanta ag deimhniú an rúin nó, má tá ordú déanta faoin alt sin ag deimhniú an rúin ach ina bhfuil foráil nach mbeidh feidhm ag an athchlárú mura gcomhlíonfar téarmaí agus coinníollacha sonraithe, comhlíonfar na téarmaí agus na coinníollacha sin, agus, i gceachtar cás, go bhfuil cóip dheimhnithe den ordú sin seachadta ar an gCláraitheoir.

Cuideachta Neamhtheoranta go CGA

Sa chás inar cuideachta neamhtheoranta í an chuideachta atá á hathchlárú mar CGA, ceanglaítear go bhfolófaí sa rún speisialta (a cheanglaítear faoi alt 1285(1)(a) (maidir le hathchlárú) ráiteas go mbeidh dlíteanas na gcomhaltaí de chuid na cuideachta iarmharthaí teoranta ag scaireanna agus –

- má tá scairchaipiteal údaraithe le bheith ag an gcuideachta iarmhartach, ag lua cad é an scairchaipiteal údaraithe sin agus méid socraithe na scaireanna ina bhfuil an scairchaipiteal sin le roinnt; nó
- mura bhfuil scairchaipiteal údaraithe le bheith ag an gcuideachta iarmhartach, ag sonrú méid socraithe ina bhfuil an scairchaipiteal na cuideachta le roinnt.

Cumhacht cuideachta neamhtheoranta chun foráil a dhéanamh do scairchaipiteal cúlchiste ar athchlárú di

Faoi alt 1295, féadfaidh cuideachta neamhtheoranta ag a bhfuil scairchaipiteal, trína rún speisialta chun athchlárú mar chuideachta theoranta, ceachtar de na rudaí seo a leanas a dhéanamh, nó iad araon:

- méadú a dhéanamh ar mhéid ainmniúil a scairchaipiteal trí mhéadú a dhéanamh ar mhéid ainmniúil gach ceann dá cuid scaireanna, ach é sin a bheith faoi réir an choinníll nach mbeidh aon chuid den chaipiteal méadaithe inghlaoite, ach amháin sa chás ina mbeidh an chuideachta á foirceannadh agus chun na críocha sin;
- foráil a dhéanamh nach mbeidh cuid shonraithe dá scairchaipiteal neamhghlaoite inghlaoite ach amháin sa chás ina mbeidh an chuideachta á foirceannadh agus chun na críocha sin.

D'fhonn amhras a sheachaint, ceadaítear CGA faoi theorainn ráthaíochta, chomh maith le haon chineál eile cuideachta, a athchlárú mar CGA faoi theorainn scaireanna.

Athchlárú mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi Theorainn Ráthaíochta

Maidir le hAthchlárú mar CGA faoi theorainn ráthaíochta, ba chóir an méid seo a leanas a chur i gcrích

An Doiciméad a bheidh le Cur Isteach: Foirm D20

Folaítear san fhoirm D20 ráiteas géilliúntais go bhfuil an rún rite agus gur comhlíonadh ceanglais Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid Bhreise: Rún Speisialta (Foirm G1) agus bunreacht nua na cuideachta.

D'fhéadfadh Foirm D6D agus ordú cúirte a bheith de dhíth..

Ceanglais shonracha maidir le cuideachta a athchlárú mar CGA faoi theorainn ráthaíochta
Is féidir cuideachta a athchlárú mar CGA faoi theorainn ráthaíochta más rud é, chomh maith leis an méid thuas, go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas –

CPT go dtí CGA faoi Theorainn Ráthaíochta

Nuair is mian le Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT) í féin a athchlárú mar CGA (Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe), féadfaidh an Ard-Chúirt an rún a chur ar ceal, féadfaidh an t-iarratas chun na cúirte ar chealú an rún teacht uathu seo a leanas:

- sealbhóirí méid nach lú san iomlán ná 5 faoin gcéad i luach ainmniúil de scairchaipiteal eisithe an CPT nó aon aicme de scairchaipiteal eisithe an CPT (gan aird ar aon scaireanna arna sealbhú ag an CPT mar scaireanna cisteáin); nó
- líon nach lú ná 50 de chomhaltaí an CPT.

Ní féidir le haon duine a thoiligh leis an rún nó a vótáil i bhfabhar an rúin iarratas den sórt sin a dhéanamh. Ní mór an t-iarratas a dhéanamh laistigh de 28 lá ó dháta an rúin. Más rud é go ndéantar an t-iarratas, ní mór don CPT fógra ina thaobh sin a thabhairt don Chláraitheoir láithreach (Foirm D13); agus ansin, laistigh de 15 lá tar éis an dáta ar a ndearna an chúirt a hordú faoin iarratas, nó cibé tréimhse is faide ná sin a ordóidh an chúirt tráth ar bith, seachadfaidh an CPT nó an chuideachta iarmhartach cóip dheimhnithe den ordú ar an gCláraitheoir.

Ní fhéadfar leanúint ar aghaidh le hathchlárú CPT mar CGA mura mbeidh an ceanglas seo a leanas comhlíonta. I gcás inarb amhlaidh, maidir leis an tréimhse ar lena linn a rinneadh iarratas faoi alt 1287 chun an rún speisialta a chealú,

- go bhfuil an tréimhse sin imithe in éag gan aon iarratas den sórt sin a bheith déanta; (28 lá ó dháta rite an rúin)
- nó, i gcás iarratas den sórt sin a bheith déanta, go bhfuil an t-iarratas tarraingthe siar; nó
- go bhfuil ordú déanta ag deimhniú an rúin nó, má tá ordú déanta faoin alt sin ag deimhniú an rúin ach ina bhfuil foráil nach mbeidh feidhm ag an athchlárú mura gcomhlíonfar téarmaí agus coinníollacha sonraithe, comhlíonfar na téarmaí agus na coinníollacha sin, agus, i gceachtar cás, go bhfuil cóip dheimhnithe den ordú sin seachadta ar an gCláraitheoir.

Cuideachta Neamhtheoranta go dtí CGA faoi Theorainn Ráthaíochta

Sa chás inar cuideachta neamhtheoranta í an chuideachta, folaítear sa rún speisialta a cheanglaítear faoi alt 1285(1)(a) ráiteas go mbeidh dlíteanas na gcomhaltaí de chuid na cuideachta iarmharthaí teoranta mar a fhoráiltear dó sa ráiteas ráthaíochta; agus

Sa chás inar cuideachta le scairchaipiteal í an chuideachta, gur thoiligh gach comhalta dá cuid go ndéanfaí í a athchlárú mar CGA faoi theorainn ráthaíochta, ar Fhoirm D6D.

Foirm D6D – an fhoirm um thoiliú leis an gcuideachta á athchlárú mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta arna síniú ag nó thar ceann comhaltaí uile na cuideachta; agus folaíonn sí ráiteas ráthaíochta agus ráiteas géilliúntais lena n-áirítear dearbhú gurb iad na daoine a bhfuil an fhoirm thoilithe sínithe acu nó sínithe thar a gceann comhaltas iomlán na cuideachta agus, i gcás nach mbeidh an fhoirm sin sínithe ag aon duine de na comhaltaí féin, á rá go bhfuil gach beart réasúnach déanta ag na stiúthóirí chun a dheimhniú dóibh go raibh cumhacht faoin dlí chuige sin ag gach duine a shínigh í thar ceann comhalta;

Chun críocha Fhoirm D6D:

Aon síniú le foirm thoilithe ag ionadaí pearsanta do chomhalta éagtha de chuid cuideachta, measfar gur síniú ag an gcomhalta éagtha é.

Measfar sannaí i bhféimheacht do dhuine is comhalta de chuideachta a bheith, d'eisiamh an duine sin, ina chomhalta den chuideachta.

Scaireanna Leithroinnte

Mura bhfuil an seasamh maidir le scairchaipiteal leithroinnte na cuideachta, ar dháta an iarratais ar athchlárú, mar atá sonraithe thíos, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuici ag an gcuideachta chuige sin, a hathchlárú mar CGA faoi theorainn ráthaíochta a cheadú agus ordacháin a thabhairt maidir le conas a caipiteal cuideachta a áireamh faoi chuimsiú na cuideachta iarmhartaí. Níor mhór an t-ordú cúirte a chur faoi bhráid an CRO in imthosca den sórt sin.

Is é an seasamh maidir le scairchaipiteal leithroinnte na cuideachta go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas –

(a) níl aon mhéid íochta air; agus

(b) ní sháraíonn a luach ainmniúil an t-uasmhéid comhiomlán a bheadh dlíte ó scairshealbhóirí na cuideachta, a bheidh ina gcomhaltaí den chuideachta iarmhartach ar eisiúint an deimhnithe corpraithe faoi alt 1285(6), de bhua meabhrán na dara cuideachta sin dá mbeadh an chuideachta sin le foirceannadh láithreach.

Ainm na Cuideachta agus Cineálacha Cuideachta

Chun críocha athchlárú, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, ar athchlárú, nach mór do chuideachtaí an cineál cuideachta a chur san áireamh mar chuid dá n-ainm. Cuideachtaí is cineálacha cuideachta ar leith, ní mór go mbeadh na focail seo a leanas ina n-ainm:–

Teoranta – Limited (cineál cuideachta TEO)

Cuideachta Phoiblí Theoranta – Public Limited Company

Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe – Designated Activity Company

Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta – Company Limited by Guarantee

Cuideachta Neamhtheoranta – Unlimited company

Díolúine i leith Cineál Cuideachta agus Ainm na Cuideachta

Cuideachtaí atá faoi theorainn ráthaíochta agus nach bhfuil scairchaipiteal acu, meastar gur Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR) iad atá cláraithe faoi Chuid 18 d'Acht na gCuideachtaí 2014. I gcás Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta, tá ceanglas ann an cineál cuideachta a chur le deireadh an ainm cuideachta. Is féidir díolúine ó úsáid chineál na cuideachta in ainm na cuideachta a fháil ach Foirm G5 a chur isteach leis an iarratas ar athchlárú.

Déantar Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe, cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta, a chlárú faoi Chuid 16 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus éilítear go mbeadh an cineál cuideachta curtha le deireadh ainm na cuideachta. Is féidir díolúine ó úsáid chineál na cuideachta in ainm na cuideachta CGA a fháil ach Foirm G5 a chur isteach leis an iarratas ar athchlárú.

Faoin Acht 2014, féadfar an nath “Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe” nó “Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta” a fhágáil ar lár ó ainm na cuideachta sa chás ina bhfuil an chuideachta ina Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe nó ina Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, agus ina sonraítear i mbunreacht na cuideachta gurb ionann na cuspóirí agus cur chun cinn na tráchtála, na healaíne, na heolaíochta, an oideachais, an chreidimh nó na carthanachta. Ina theannta sin, ní mór go sonrúfaí i mbunreacht na cuideachta

(a) nach mór brabúis na cuideachta (más ann dóibh) nó ioncam eile na cuideachta a chur i bhfeidhm i leith chur chun cinn na gculpóirí;

(b) go bhfuil íoc díbhinní/dáiltí leis na comhaltaí toirmisceithe;

(c) nach mór na sócmhainní go léir a bheadh ar fáil do na comhaltaí murach an coinníoll seo a aistriú ar a foirceannadh go dtí cuideachta arb ionann a cuspóirí agus cur chun cinn na tráchtála, na healaíne, na heolaíochta, an oideachais, an chreidimh nó na carthanachta.

Déanann cuideachtaí den sórt sin foirm G5 a chomhdú in éineacht leis an iarratas ar athchlárú. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, nach mór do chuideachta atá díolmhaithe ón oibleagáid chun

úsáid a bhaint as na focail mar chuid dá hainm, a thaispeáint ar a cuid litreacha agus foirmeacha ordaithe gurb amhlaidh gur cuideachta den sórt sin í.

De bhonn alt 49 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá sé d'oibleagáid ar gach cuideachta a hainm a fhoilsiú, i measc eile, i ngach litir ghnó, fógra agus foilseachán oifigiúil eile de chuid na cuideachta agus i ngach seic, sonrasc agus admháil. Níl úsáid ghiorrúcháin ar an gcineál ábhartha cuideachta ina shárú ar ailt 969/1178.

Cuideachta Phoiblí Theoranta: Laghdú ar luach na scaireanna

Faoi alt 1040 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní foláir do Chuideachta Phoiblí Theoranta (CPT), sa chás inarb é is éifeacht leis an gcealú scaireanna go dtabharfaidh sé luach ainmniúil scairchaipiteal leithroinnte an CPT faoi bhun an íosmhéid údaraithe, athchlárú mar chineál eile cuideachta a iarraidh agus éifeacht an chealaithe a lua. Chuirfeadh an chuideachta isteach foirm D10 chomh maith le doiciméid athchláraithe eile. (Alt 1040(7) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie